

Iris Oifigiúil

an Aontais Eorpaigh



An t-eagrán Gaeilge

Reachtaíocht

Clár

I *Gníomhartha reachtacha*

RIALACHÁIN

- ★ **Rialachán (AE) Uimh. 1090/2010 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Samhain 2010 lena leasaítear Treoir 2009/42/CE maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí de mhuir ⁽¹⁾** 1

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

CINNTÍ

2010/718/AE:

- ★ **Cinneadh ón gComhairle Eorpach an 29 Deireadh Fómhair 2010 maidir le stádas oileán Saint-Barthélemy i leith an Aontais Eorpaigh a leasú** 4

Praghas: 3 EUR

(¹) Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE

GA

* Faoin tagairt L 325 a foilsíodh ábhar an eagráin seo i dteangacha oifigiúla eile an Aontais Eorpaigh.

I

(Gníomhartha reachtacha)

RIALACHÁIN

RIALACHÁN (AE) Uimh. 1090/2010 Ó PHARLAIMINT NA HEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 24 Samhain 2010

lena leasaítear Treoir 2009/42/CE maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí de mhuir

(Téacs atá ábhartha maidir leis an LEE)

TÁ PARLAIMINT NA HEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 338(1) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ⁽¹⁾,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Foráiltear leis an dara mír d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Treoir 2009/42/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽²⁾ go ndéanfaidh an Chomhairle na coinníollacha maidir le bailiú shraith sonraí B1 (sonraí a bhaineann le 'Iompar ar muir sna príomhchalafoirt Eorpacha, de réir calafoirt, cineáil lasta, earraí agus gaolmhaireacht') a chinneadh ar thogra ón gCoimisiún i bhfianaise thorthaí an staidéir phiolótaigh arna dhéanamh le linn tréimhse eatarmaí trí bliana, dá bhforáiltear in Airteagal 10 de Threoir 95/64/CE ón gComhairle an 8 Nollaig 1995 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí de mhuir ⁽³⁾.
- (2) De réir na Tuarascála ón gCoimisiún chuig an gComhairle agus chuig Parlaimint na hEorpa maidir le taithí a fuarthas tríd an obair a rinneadh de bhun Threoir 95/64/CE ('Tuarascáil an Choimisiúin'), is dealraitheach go bhféadfaí faisnéis mhionsonraithe a bhailiú, agus é sin ar chostas réasúnach, i gcás bulclasta agus leath-bhulclasta. Bhí an deacracht is mó ann, áfach, le linn na sonraí sin a thiomsú le haghaidh coimeádán agus tráchta rolladh ann – rolladh as. B'iomchúí scrúdú a dhéanamh maidir leis an bhféidearthacht go leathnófaí raon feidhme Threoir 95/64/CE go hitimí faisnéise eile atá liostaithe in Airteagal 10(2)(a) den Treoir sin ach nach ndéanfaí an leathnú sin go dtí go mbeadh tuilleadh taithí

faighte ar na hathróga reatha a bhailiú agus go dtí go mbeadh an córas reatha bunaithe go maith. Maidir le bailiú faisnéise a bhaineann le tráchtearraí, ba cheart na hathbhreithnithe ionchasacha ar an aicmiú NST/R (Aicmiú Caighdeánach Earraí le haghaidh Staidrimh Iompair/Athbhreithnithe, 1967) a chur san áireamh.

- (3) Tá feidhmiú an chórais bailithe reatha bunaithe go maith, lena n-áirítear cur chun feidhme na modhnuithe arna dtabhairt isteach le Cinneadh 2005/366/CE ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 lena ndéantar Treoir 95/64/CE ón gComhairle maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí agus paisinéirí de mhuir a chur chun feidhme agus lena leasaítear na hIarscríbhinní a ghabhann léi ⁽⁴⁾ agus leathnú geografach an chórais de thoradh mhéadú an Aontais sa bhliain 2004 agus mhéadú an Aontais sa bhliain 2007.
- (4) Tá líon mór Ballstát a tharchuireann sonraí chuig an gCoimisiún (Eurostat (Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach)) faoi réim raon feidhme Threoir 95/64/CE tar éis a bheith ag soláthar shraith sonraí B1 don Choimisiún (Eurostat (Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach)) go rialta ar bhonn deonach i gcomhréir le haicmiú NST/R.
- (5) Le Rialachán (CE) 1304/2007 ón gCoimisiún an 7 Samhain 2007 maidir le bunú NST 2007 mar an t-aon aicmiú amháin le haghaidh earraí arna n-iompar ar mhodhanna áirithe iompair ⁽⁵⁾, tugadh isteach NST 2007 (Aicmiú Caighdeánach Earraí le haghaidh Staidrimh Iompair, 2007) mar an t-aon aicmiú amháin le haghaidh earraí arna n-iompar de mhuir, de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre. Tá an t-aicmiú sin infheidhme amháil ón mbliain tagartha 2008, lena gcumhdaítear sonraí 2008. Táthar tar éis na príomhfhadhbanna a bhain le sonraí a thiomsú de réir cineáil earraí i gcomhréir le haicmiú NST/R, mar atá luaite i dTuarascáil an Choimisiúin, a réiteach le tabhairt isteach NST 2007. Dá bhrí sin, den chuid is mó, ní chuirfidh bailiú shraith sonraí B1 aon ualach breise ar fhreagróirí.

⁽¹⁾ Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 19 Deireadh Fómhair 2010 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 17 Samhain 2010.

⁽²⁾ IO L 141, 6.6.2009, lch. 29.

⁽³⁾ IO L 320, 30.12.1995, lch. 25. Rinneadh Treoir 95/64/CE a aisghairm le Treoir 2009/42/CE.

⁽⁴⁾ IO L 123, 17.5.2005, lch. 1.

⁽⁵⁾ IO L 290, 8.11.2007, lch. 14.

- (6) I gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1172/98 ón gComhairle an 25 Bealtaine 1998 maidir le tuairisceáin staidrimh i ndáil le hiompar earraí de bhóthar⁽¹⁾, le Rialachán (CE) Uimh. 91/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2002 maidir le staidreamh ar iompar d'iarnród⁽²⁾ agus le Rialachán (CE) Uimh. 1365/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 6 Meán Fómhair 2006 maidir le staidreamh ar iompar earraí d'uiscebhealaí intíre⁽³⁾, tá bailiú sonraí de réir cineáil earraí éigeantach i gcás staidrimh Eorpaigh i ndáil le hiompar de bhóthar, d'iarnród agus d'uiscebhealaí intíre faoi seach ach tá sé deonach i gcás iompair mhuirí. Ba cheart staidreamh Eorpach i ndáil le gach modh iompair a bhailiú i gcomhréir le coincheapa coiteanna agus caighdeáin choiteanna, ionas go bhféadfaí an inchomparáideacht is iomláine is féidir idir modhanna iompair a bhaint amach.
- (7) Mar thoradh ar an oibleagáid a thabharfar isteach sa bhliain 2011 i ndáil le sraith sonraí B1 a sholáthar don Choimisiún (EUROSTAT (Oifig Staidrimh na gComhphobal Eorpach)), soláthraítear tréimhse ama leordhóthanach do na Ballstáit ar lena linn a bhféadfaí tiomsú deonach a úsáid do na tástálacha agus na hoiriúnuithe is gá.
- (8) Maidir le rialacha mionsonraithe áirithe i ndáil le Treoir 2009/42/EC a chur chun feidhme, ba cheart go gcumhachtófaí don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tá sé tábhachtach go háirithe go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear comhairliúcháin ar leibhéal saineolaithe.
- (9) Ba cheart, dá bhrí sin, Treoir 2009/42/CE a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Treoir 2009/42/CE leis seo mar a leanas:

- (1) in Airteagal 3(4), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír:
- 'Féadfaidh an Coimisiún na bearta sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10a agus faoi réir choinníollacha Airteagal 10b agus Airteagal 10c.;
- (2) in Airteagal 4(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad an dara fómhír:
- 'Féadfaidh an Coimisiún na bearta sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10a agus faoi réir choinníollacha Airteagal 10b agus Airteagal 10c.;
- (3) in Airteagal 5, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú fómhír:
- 'Féadfaidh an Coimisiún na bearta sin a ghlacadh trí bhíthin gníomhartha tarmligthe i gcomhréir le hAirteagal 10a agus faoi réir choinníollacha Airteagal 10b agus Airteagal 10c.'
- (4) in Airteagal 10, scriostar mír 3;

- (5) cuirtear na hAirteagail seo a leanas isteach:

'Airteagal 10a

An tarmligeán a fheidhmiú

1. Maidir leis an gcumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 3(4), in Airteagal 4(1) agus sa tríú mír d'Airteagal 5, tabharfar don Choimisiún í go ceann tréimhse chúig bliana ón 29 Nollaig 2010 Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir leis an gcumhacht tarmligthe a tharraingt suas sé mhí ar a dhéanaí roimh dheireadh na tréimhse cúig bliana. Déanfar tarmligeán na cumhachta a fhadú go huathoibríoch go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle é a chúlghairm i gcomhréir le hAirteagal 10b.

2. A luaithe a ghlacfaidh sé gníomh tarmligthe, tabharfaidh an Coimisiún fógra do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle ina leith ag an am céanna.

3. Is faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha síos in Airteagal 10b agus 10c a thugtar an chumhacht don Choimisiún chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh.

Airteagal 10b

An tarmligeán a chúlghairm

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle an chumhacht dá dtagraítear in Airteagal 3(4), in Airteagal 4(1) agus sa tríú mír d'Airteagal 5 a chúlghairm aon tráth.

2. Féachfaidh an institiúid a bheidh tar éis tús a chur le nós imeachta inmheánach chun a chinneadh an ndéanfar tarmligeán cumhachta a chúlghairm le fógra ina leith sin a thabhairt don institiúid eile agus don Choimisiún laistigh de thréimhse ama réasúnach sula ndéantar an cinneadh críoch-naitheach agus luafaidh sí an chumhacht tarmligthe a d'fhéadfadh a bheith faoi réir cúlghairme agus na cúiseanna a d'fhéadfadh a bheith leis an gcúlghairm.

3. Maidir leis an gcinneadh chun cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligeán na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Gabhfaidh éifeacht leis láithreach nó ar dháta níos déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht na ngníomhartha tarmligthe atá i bhfeidhm cheana féin. Foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

Airteagal 10c

Agóidí in aghaidh gníomhartha tarmligthe

1. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid a dhéanamh in aghaidh gníomh tharmligthe laistigh de thréimhse dhá mhí ó dháta an fhógra.

Ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle, déanfar an tréimhse sin a fhadú dhá mhí.

2. Mas rud é, nuair a rachaidh an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 in éag, nach mbeidh agóid déanta ag Parlaimint na hEorpa ná ag an gComhairle in aghaidh an ghníomh tharmligthe, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é agus tiocfaidh sé i bhfeidhm an dáta a bheidh luaite ann.

⁽¹⁾ IO L 163, 6.6.1998, lch. 1.

⁽²⁾ IO L 14, 21.1.2003, lch. 1.

⁽³⁾ IO L 264, 25.9.2006, lch. 1.

Féadfar an gníomh tharmligthe a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus féadfaidh sé teacht i bhfeidhm roimh dhul in éag na tréimhse sin más rud é go mbeidh Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle araon tar éis an Coimisiún a chur ar an eolas nach bhfuil sé beartaithe acu agóid a dhéanamh.

3. Más rud é go ndéanfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle agóid in aghaidh an ghnímh tharmligthe laistigh den tréimhse dá dtagraítear i mír 1, ní thiocfaidh sé i bhfeidhm. Luafaidh an institiúid a dhéanfaidh an agóid na

cúiseanna le hagóid a dhéanamh in aghaidh an ghnímh tharmligthe.;

(6) scriostar an dara mír d'Iarscríbhinn VIII.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Is í an bhliain 2011 an chéad bhliain tagartha i gcomhair chur i bhfeidhm an Rialacháin seo, lena gcumhdaítear sonraí 2011.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, 24 Samhain 2010.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa
An tUachtarán
J. BUZEK

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
O. CHASTEL

II

(Gníomhartha neamhrechtacha)

CINNTÍ

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE EORPACH

an 29 Deireadh Fómhair 2010

maidir le stádas oileán Saint-Barthélemy i leith an Aontais Eorpaigh a leasú

(2010/718/AE)

TÁ AN CHOMHAIRLE EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpach, agus go háirithe Airteagal 335(6) de,

Ag féachaint don tionscnamh ó Phoblacht na Fraince,

Ag féachaint don tuairim ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an méid seo a leanas:

- (1) Le hAirteagal 355 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), ceadaítear don Chomhairle Eorpach, ar thionscnamh ón mBallstát i dtrácht, cinneadh a ghlacadh lena leasófar an stádas i leith an Aontais atá ag tír nó ag críoch de chuid na Danmhairge, na Fraince nó na hÍsiltíre dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 d'Airteagal 355, ag gníomhú di d'aon toil tar éis dul i gcomhairle leis an gCoimisiún.
- (2) Le litir ó Uachtarán Phoblacht na Fraince dár dháta an 30 Meitheamh 2010, d'iarr Poblacht na Fraince (dá ngairtear "an Fhrainc" anseo feasta) ar an gComhairle Eorpach cinneadh den sórt sin dá dtagraítear in Airteagal 355(1) CFAE a ghlacadh maidir le hoileán Saint-Barthélemy. Tá an Fhrainc ag iarraidh go n-athrófaí stádas an oileáin seo óna stádas mar cheann de na réigiúin is forimeallaí, arna rialú le hAirteagal 349 CFAE, go dtí stádas tíre nó críche thar lear, stádas dá dtagraítear i gCuid a Ceathair CFAE.
- (3) Is léiriú é an iarraidh seo ón bhFrainc gur mian le hionadaithe tofa oileán Saint-Barthélemy, oileán ar comhroinn Fhrancach thar lear laistigh de Phoblacht na Fraince é a rialáitear le hAirteagal 74 de Bhunreacht na Fraince agus a bhfuil uathriail aici, stádas i leith an Aontais a fháil is fearr a d'oirfeadh don stádas atá aige faoin dlí baile, go mór mór ó tharla go bhfuil sé i bhfad i bhfarraige ón mórthír, ó tharla gur geilleagar beag oileáin atá ann, bunaithe a bheag nó a mhór ar an

tuarasóireacht, agus go mbíonn deacrachtaí soláthair ann a thagann idir an t-oileán agus cur i bhfeidhm cuid de chaighdeán an Aontais.

- (4) Tá sé geallta ag an bhFrainc go dtabharfaidh sí i gcrích na comhaontuithe is gá chun a áirithiú go ndéanfar leasanna an Aontais a chaomhnú nuair a tharlóidh an t-athrú seo. Ba cheart go mbainfeadh na comhaontuithe sin le cúrsaí airgeadaíochta ar an gcéad dul síos, mar go bhfuil rún ag an bhFrainc an euro a choinneáil mar airgeadra aonair ar Saint-Barthélemy agus mar go gcaithfead a áirithiú go leanfar de chur i bhfeidhm dhlí an Aontais i réimsí bunriachtanacha oibriú rianúil an Aontais eacnamaíoch agus airgeadaíochta. Ba cheart go mbainfeadh siad freisin le cúrsaí cánachais agus go mbeadh sé d'aidhm acu a ráthú go leanfadh sásraí Threoir 77/799/CEE ón gComhairle an 19 Nollaig 1977 maidir le cúnaimh frithpháirteach ó údarais inniúla na mBallstát i réimse an chánachais dhírigh agus i réimse na gcánacha ar phrímheanna árachais⁽¹⁾ agus sásraí Threoir 2003/48/CE ón gComhairle an 3 Meitheamh 2003 maidir le Cánachas ar Ioncam ó Choigiltis i bhFoirm Íocaíochtaí Úis⁽²⁾, arb é is aidhm dóibh go háirithe an chialais cánach thrasteorann agus an imghabháil cánach thrasteorann a chomhrac, d'fheidhm a bheith acu amach anseo maidir le críoch Saint-Barthélemy. Ba cheart go leanfadh saoránaigh Saint-Barthélemy de bheith ina saoránaigh den Aontas Eorpach agus go mbeadh na cearta céanna agus na saoirsí céanna laistigh den Aontas acu agus atá ag saoránaigh eile na Fraince, agus ba cheart go leanfadh saoránaigh uile an Aontais de thairbhiú de na cearta céanna agus de na saoirsí céanna ar Saint-Barthélemy a dtairbhíonn siad anois díobh ann.

- (5) Dá bhrí sin, níor cheart go ndéanfadh an t-athrú seo ar stádas oileán Saint-Barthélemy i leith an Aontais, athrú atá á dhéanamh mar fhreagairt ar mhian ionadaithe tofa an oileáin, mian a cuireadh in iúl go daonlathach, dochar do leasanna an Aontais agus ba cheart gur chéim chomhleanúnach a bheadh san athrú seo i dtreo stádas uathrialach a bhaint amach don oileán faoin dlí náisiúnta,

⁽¹⁾ IO L 336, 27.12.1977, lch. 15.

⁽²⁾ IO L 157, 26.6.2003, lch. 38.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Le héifeacht ón 1 Eanáir 2012, scoirfidh oileán Saint-Barthélemy de bheith ina cheann de na réigiúin is forimeallaí den Aontas Eorpach agus beidh stádas tíre nó críche comhlachaithe thar lear aige, stádas dá bhforáiltear i gCuid a Ceathair den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE).

Airteagal 2

Déantar CFAE a leasú, dá bhrí sin, mar a leanas:

(1) sa chéad mhír d’Airteagal 349, scriostar na focail ‘Saint-Barthélemy’;

(2) in Airteagal 355(1), scriostar na focail ‘le Saint-Barthélemy’;

(3) in Iarscríbhinn II, cuirtear isteach fleasc, idir an fhleasc a bhaineann le Saint Pierre agus Miquelon agus an fhleasc a bhaineann le hArúba, mar a leanas:

‘— Saint-Barthélemy.’

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an lá a nglacfar é.

Beidh feidhm aige amhail ón 1 Eanáir 2012.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 29 Deireadh Fómhair 2010.

Thar ceann na Comhairle hEorpaí

An tUachtarán

H. VAN ROMPUY

COSTAS SÍNTIÚIS 2010 (gan cáin bhreisluacha, ar chostas caighdeánach seachadta)

Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 100 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, eagrán páipéir + dlúthdhiosca ROM bliantúil	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 1 200 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L, eagrán páipéir amháin	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 770 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith L + C, dlúthdhiosca ROM míosúil (carnach)	22 teanga oifigiúla an AE	EUR 400 sa bhliain
Forlónadh don Iris Oifigiúil (sraith S), soláthairtí poiblí agus dámhachtainí, dlúthdhiosca ROM, dhá eagrán sa tseachtain	Ilteangach: 23 teanga oifigiúla an AE	EUR 300 sa bhliain
Iris Oifigiúil an AE, sraith C - comórtais earcaíochta	Teanga(cha) de réir comórtais(as)	EUR 50 sa bhliain

Tá an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, a thagann amach i dteangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh, ar fáil sna 22 teanga. Cuimsíonn sí dhá shraith, L (Reachtaíocht) agus C (Cumarsáid agus Faisnéis).

Ní mór síntiús ar leith do gach teanga.

De réir Rialachán (CE) Uimh. 920/2005 ón gComhairle, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil L 156 an 18 Meitheamh 2005, níl de cheangal, go sealadach, ar Institiúidí an Aontais Eorpaigh na gníomhartha go léir as Gaeilge a tharraingt suas ná iad a fhoilsiú sa teanga sin. Déantar na hIrisí Oifigiúla a fhoilsítear as Gaeilge a dhíol ar leithligh don phobal.

Is éard atá san Fhorlónadh den Iris Oifigiúil (Sraith S soláthairtí poiblí agus dámhachtainí) ná na 23 leagan oifigiúla ina n-iomlán ar dhlúthdhiosca ROM ilteangach amháin.

Má tá síntiús agat do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, tá sé de cheart agat larscríbhinní éagsúla na hIrise Oifigiúla a fháil ach iad a iarraidh. Cuirtear síntiúsóirí ar an eolas faoi larscríbhinní trí fhógraí a chuirtear isteach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Cuirfead an Iris Oifigiúil ar fáil ar fhormaid DVD in ionad dlúthdhiosca ROM i rith na bliana 2010.

Díolacháin agus síntiúis

Tá an síntiús do thréimhseachán ar phraghsanna éagsúla, amháin an síntiús do *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus a gcaithfead íoc astu, ar fáil inár n-oifigí díolachán. Tá liosta de na hoifigí díolachán sin ar fáil ar láithreán ghréasán na hOifige:

http://publications.europa.eu/others/agents/index_ga.htm

Tairiscíonn EUR-Lex (<http://eur-lex.europa.eu>) rochtain dhíreach agus saor in aisce ar reachtaíocht an Aontais Eorpaigh. Ar an láithreán seo is féidir breathnú ar *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* agus cuimsíonn sí na conarthaí, an reachtaíocht, an dlí-eolaíocht agus gníomhartha ullmhúcháin na reachtaíochta.

Le haghaidh tuilleadh eolais faoin Aontas Eorpach, breathnaigh ar: <http://europa.eu>

